An Roinn Oideachais
Department of Education

Tacaíochtaí ón Roinn Oideachais agus ón CNOS do scoileanna a bhfuil ranganna speisialta á n-oscailt acu

An nuashonrú is déanaí: 27 Deireadh Fómhair 2022

Treoirlínte chun tacú le scoil:

Soláthar foirne: Ceadóidh an CNOS post teagaisc amháin agus beirt CRSanna do gach rang speisialta ASD ina bhfuil seisear leanaí ag leibhéal na bunscoile agus 1.5 post teagaisc agus beirt CRSanna do gach rang ASD ina bhfuil seisear scoláirí ag leibhéal na hiar-bhunscoile. Féadfaidh scoileanna iarratas a dhéanamh ar acmhainní CRS breise do scoláirí i ranganna speisialta tríd an CNOS, más gá.

Rachaidh an CNOS i gcomhairle le húdarás na scoile maidir le ceadú na bpost sin roimh an dáta a aontaíodh chun an rang a oscailt. Déanfar é sin ar an tuiscint go bhfuil scoláirí ar an rolla agus go mbeidh siad ag freastal a luaithe atá sin indéanta.

I gcás go bhfuil socruithe á ndéanamh ag scoil chun rang speisialta a oscailt, tá sé de rogha ag údaráis na scoile, fad agus atá siad ag dul chun cinn le hearcú na foirne breise a ceadaíodh don rang sin, múinteoir ranga príomhshrutha atá ann cheana féin, a bhfuil taithí aige nó aici ar sholáthar oideachais speisialta nó a bhfuil suim aige nó aici ann, a athshannadh mar mhúinteoir don rang speisialta. D'fhéadfadh sé go mbeadh socrú den chineál sin níos praiticiúla do scoil agus go n-éascódh sé oscailt an ranga speisialta gan aon rómhoill.

Caipitíocht: Faigheann scoileanna ráta caipitíochta an phríomhshrutha agus deontas caipitíochta méadaithe in aghaidh gach scoláire atá ar an rolla i rang speisialta.

Bunscoileanna: https://www.gov.ie/en/circular/b99b9-revision-of-capitation-grant-rates-for-recognised-primary-schools-in-2020
Ní gá do scoileanna cur isteach ar an ráta caipitíochta méadaithe. Déantar an maoiniú caipitíochta a ríomh bunaithe ar na sonraí a chuireann scoileanna isteach ar chóras POD ar an 30 Meán Fómhair gach bliain. Tá áis ar chóras POD chun sonraí daltaí a chur isteach ag teacht leis na catagóirí méadaithe de dheontas caipitíochta.

Iar-Bhunscoileanna: gov.ie - Revision of Capitation Grant Rates for Voluntary Secondary Schools in the Free Education Scheme (www.gov.ie)
Ní gá do scoileanna cur isteach ar an Deontas do Rang Speisialta. I mí na Nollag, íocann Rannán Airgeadais na Scoileanna an Deontas do Rang Speisialta go huathoibríoch le scoileanna a shásaíonn riachtanais Chiorclán 0052/2020. Faigheann Rannán Airgeadais na Scoileanna na sonraí sin ón CNOS.

I gcás scoileanna BOO, íoctar an Deontas do Rang Speisialta le hArd-Oifigí BOO agus dáileann siad sin an maoiniú deontais ar na scoileanna ábhartha atá faoina gcúram.

Teicneolaíocht Chúnta:
Leathanach Eolais: https://www.gov.ie/en/service/237c68-assistive-technology-grant/

Ciorclán: https://assets.gov.ie/13497/06e771bd4eaf4234bf9c2b160f5976f7.pdf

Foirm Iarratais: https://ncse.ie/wp-content/uploads/2019/08/NCSE-Application-form-3-Assistive-Technology-2019.doc

Iompar Scoile:

D'fhéadfadh sé go mbeadh iompar scoile de dhíth ar scoláirí a cuireadh ar an rolla i rang speisialta nua nó i roinnt cásanna nuair nach mbeadh iompar feiliúnach dóibh, féadfar deontas iompair speisialta a thairiscint do theaghlaigh nuair a mheastar go bhfuil an scoláire incháilithe.

Tá leanaí incháilithe i gcomhair iompair nuair atá riachtanais speisialta oideachais acu a eascraíonn as míchumas atá diagnóisithe i gcomhréir le critéir na Roinne agus atá ag freastal ar an scoil phríomhshrutha, ar an rang speisialta nó ar an scoil speisialta is gaire dóibh, chun freastal ar a riachtanais speisialta oideachais. Déantar incháilitheacht a chinneadh tar éis dul i mbun comhairliúcháin leis an CNOS trína líonra de ERSOanna.

Nuair is féidir sin a dhéanamh, déanfaidh an Roinn soláthar iompair ar leith nó socruithe iompair aonair a bhreithniú i gcásanna ina meastar nach mbeadh sé indéanta taisteal in éineacht le leanaí eile. Ina theannta sin, tá áis laistigh den Scéim Iompair um Riachtanais Speisialta chun Tionlacaí Busanna Scoile a cheapadh nuair atá tacaíocht den chineál sin de dhíth ar mhaithe le riachtanais chúraim agus sábháilteacht an linbh agus é nó í ar iompar scoile.

Is féidir iarratas iompair do Riachtanais Speisialta Oideachais a fháil ar www.gov.ie/schooltransport – ba cheart go ndéanfadh na tuismitheoirí/caomhnóirí an fhoirm sin a chomhlánú ar an gcéad dul síos le cabhair ón bpríomhoide agus ón ERSO.

Tá sé tábhachtach na foirmeacha comhlánaithe a chur aghaidh chuig do ERSO gan mhoill lena gcur faoi bhráid na Rannóige Iompair Scoile ina dhiaidh sin. D'fhéadfadh sé roinnt ama a thógáil chun seirbhísí a bhunú, tá gá le próiseas soláthraithe trí thairiscint i gcás roinnt seirbhísí agus ní mór go rachadh gach tiománaí faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.

Is féidir gach ceist maidir le hiompar scoile a chur chuig school_transport@education.gov.ie

Tacaíochtaí maidir le foirgnimh agus trealamh

Tá Aonad Pleanála agus Tógála na Roinne ar fáil chun oibriú go dlúth le scoileanna a bhfuil ranganna speisialta nua á n-oscailt acu. D'fheádfadh sé go mbeadh éagsúlacht ag baint leis na hoibreacha athchumraithe a bheadh de dhíth i ngach scoil. Is féidir leis an Roinn socruithe a dhéanamh trína creat soláthraithe le go dtabharfar faoi oibreacha athchumraithe ionas gur féidir áiseanna práinneacha do Riachtanais Speisialta Oideachais a chur ar an láthair. Ciallaíonn sé sin nach gá do scoileanna a bheith freagrach as foirne deartha agus conraitheoirí tógála a aimsiú. Bhí an próiseas sin an-rathúil i dtaca le hoibreacha athchumraithe a rabhthas ag tabhairt fúthu i roinnt scoileanna i samhradh na bliana 2022 a éascú, rud a cheadaigh do ranganna speisialta oscailt do scoilbhliain 2022/23. Ina theannta sin, tá cuíchóiriú á dhéanamh ag an Roinn faoi láthair ar na próisis iarratais d'oibreacha athchumraithe maidir le Riachtanais Speisialta Oideachais agus tá súil aici iad sin a chur i bhfeidhm go luath. Tá maoiniú 100% á fháil ón Roinn do na hoibreacha go léir.

Maoiniú chun seomra ranga a fheistiú

- **Deontas tionscnaimh do rang speisialta** Tá deontas de €6,500 ar fáil agus is faoi rogha an údaráis scoile chuí atá sé an bealach a gcaithfear an deontas sin a chinneadh. Féadfar iarratais ar dheontais tionscnaimh a sheoladh ar ríomhphost chuig furnitureequipment@education.gov.ie agus ba cheart go mbeadh an litir cheadaithe ón CNOS san áireamh iontu.
- **Troscán:** Tá deontas de €2,500 ar fáil do throscán caighdeánach don seomra ranga. Féadfar iarratais don deontas seo a sheoladh ar ríomhphost chuig furnitureequipment@education.gov.ie agus ba cheart go mbeadh an litir cheadaithe ón CNOS san áireamh iontu
- **Deontas do throscán/threalamh sainfheidhmeach:** Ar fáil do scoláirí aonair a bhfuil troscán/trealamh sainfheidhmeach de dhíth orthu. Féadfar iarratais maidir le troscán/trealamh sainfheidhmeach a sheoladh ar ríomhphost chuig furniture/equipment furnitureequipment@education.gov.ie agus ba cheart go mbeadh tuairisc ón Teiripeoir Saothair agus luachan amháin san áireamh iontu
- **Deontas TFC:** tá deontas de €6,700 ar fáil in aghaidh gach seomra ranga príomhúil i bhfoirgneamh nua. I gcás Cóiríocht Shealadach/Bhreise, déanfaidh an Rannán a bhfuil an Chóiríocht á soláthar aige an íocaíocht go díreach.

Forbairt ghairmiúil agus tacaíochtaí gairmiúla

Tá clár tacaíochta gairmiúla do scoileanna a bhfuil ranganna speisialta nuabhunaithe iontu forbartha ag an CNOS. Beidh an clár sin ar fáil do scoileanna a luaithe agus atá sin indéanta nuair a bheidh an próiseas earcaithe curtha i gcrích. San áireamh sa tacaíocht tá:

- Seimineár do Phríomhoidí;
- Dianchúrsa oiliúna ceithre lá do mhúinteoirí;
- Cúrsa oiliúna dhá lá do mhúinteoirí nua;
- FGL don fhoireann uile;
- Déantar an scoil a nascadh le Comhairleoir de chuid an CNOS;

Ní gá go mbeadh rochtain faighte ag scoileanna ar an oiliúint agus ar an tacaíocht go léir sula n-osclaíonn siad rang speisialta mar go leanfaidh an CNOS ag tabhairt tacaíochta don fhoireann agus don scoil nuair a bheidh na ranganna oscailte, ag tógáil ar thaithí agus ar shaineolas an phobail scoile atá ann cheana féin.

Tá an méid sin sa bhreis ar an gclár forleathan d'Fhoghlaim Ghairmiúil Múinteoirí atá ar fáil ag https://ncse.ie/teacher-professional-learning agus an tSeirbhís Tacaíochta Ionscoile atá ar fáil ag https://ncse.ie/school-support.

Tá breis eolais ar fáil ó Sheirbhís Tacaíochta an CNOS www.ncse.ie agus ó d'Eagraithe Riachtanas Speisialta Oideachais (ERSOanna) áitiúla.

Tá an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) ar fáil freisin chun tacaíocht a sholáthar do scoileanna a bhfuil ranganna speisialta nuabhunaithe iontu. Tá breis eolais ar fáil ón SNSO ag https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/NEPS-Home-Page.html

D'fheádfadh na hacmhainní seo a leanas a bheith mar chabhair freisin.

- Treoirlínte an CNOS maidir le Ranganna Speisialta a Bhunú agus a Eagrú: https://www.ncse.ie/wp-content/uploads/2016/08/ncse-guides-special-classes.pdf

- Treoir Dea-Chleachtais do Scoileanna maidir le hUathachas: gov.ie - Autism Good Practice Guidance for Schools – Supporting Children and Young People (www.gov.ie)

- Físeán YouTube don Treoir Dea-Chleachtais do Scoileanna maidir le hUathachas: https://www.youtube.com/watch?v=grp_TONyO0o

- An CNOS – Ag Athrú Scoileanna – Ag aistriú idir suíomhanna speisialta agus suíomhanna príomhshrutha: http://ncse.ie/wp-content/uploads/2016/02/02157-NCSE-2016-Changing-Schools-SpecialtoMainstream-final-08.02.16.pdf

- Naisc ar shuíomh gréasáin an CNOS chuig Ionad an Bhaile Láir don Uathachas agus chuig féilire FGM an CNOS: https://ncse.ie/middletown-centre-for-autism

- Féilire an CNOS d'Fhoghlaim Ghairmiúil Múinteoirí: https://events-emea4.adobeconnect.com/content/connect/c1/4712923634/en/events/catalog.html?from-origin=https%3A%2F%2Fncse.adobeconnect.com